V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10805 – MDP / HPS / PREMFINA / iGO4)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 278/05)

1. An 12 Iúil 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Madison Dearborn Partners, LLC ("MDP", na Stáit Aontaithe),

— HPS Investment Partners, LLC ("HPS", na Stáit Aontaithe),

— Premfina Limited ("Premfina", an Ríocht Aontaithe), faoi rialú MDP,

— i GO 4 Ltd. ("iGO4", an Ríocht Aontaithe), faoi rialú MDP.

Gheobhaidh MDP agus HPS rialú comhpháirteach ar Premfina agus iGO4 de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta cothromais phríobháidigh atá bunaithe sna Stáit Aontaithe é MDP, agus tá sé gníomhach go príomha sna hearnálacha seo a leanas: Buntionscail, Bogearraí agus Seirbhísí Gnó agus Rialtais, Seirbhísí Airgeadais agus Idirbhirt, Cúram Sláinte, agus Teileachumarsáid, na Meáin agus Teicneolaíocht.

— Is gnólacht infheistíochta atá bunaithe sna Stáit Aontaithe é HPS atá gníomhach in iasachtaí giaráilte sindeacáite, fiachas urraithe sinsearach agus infheistíochtaí mezzanine, léasú sócmhainnbhunaithe agus cothromas príobháideach.

— Soláthraíonn Premfina maoiniú préimheanna mar iasachtóir taifid, mar aon le réitigh bogearraí árachais bánlipéid do bhróicéirí árachais sa Ríocht Aontaithe.

— Soláthraíonn iGO4 árachas gluaisteáin agus táirgí árachais teileamaitice do thomhaltóirí sa Ríocht Aontaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10805 – MDP / HPS / PREMFINA / iGO4

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.